—2014—

# Cuimhne agus Díchuimhne

Darach Ó Scolaí

(Cathaoirleach: Meidhbhín Ní Úrdail)

Trí bhád seoil ag teacht chugainn thar toinn an chuimhne is faide siar atá agam. Bristear dhá bhád ar an gcarraig agus tagann an tríú bád i dtír. Leathchéad ban a thagann slán, agus triúr fear. Ceathracha lá i ndiaidh dóibh a theacht i dtír, tagann an Díle Mhór agus scuabtar chun siúil an uile dhuine cé is moite d'aon fhear amháin, Fionntan. Agus an tír seo faoin bhfarraige, mhair Fionntan mac Bóchna i riocht bradáin in uaimh i dTonn Toinne—ar Shliabh Ara, ar bhruach thoir na Sionainne, láimh le Cill Dá Lua—agus nuair a thráigh an taoile mhór mhair sé i riocht iolair, agus ansin i riocht seabhaic, agus sa tréimhse 5,500 bliain sin chonaic sé teacht is imeacht na ngabhálaithe agus na n-áitritheoirí uile—na Parthalánaigh ar dtús, ansin Fir Neimhidh agus Fir Bolg. Chonaic sé Fir Bolg agus Tuatha Dé Danann in árach a chéile i gCath Mhaigh Tuireadh. Tháinig na Fomhóraigh ansin agus, sa tarna cath i Maigh Tuireadh, chonaic sé Lugh Lámhfhada ag treorú Thuatha Dé Danann in aghaidh na bhFomhórach—é ina sheasamh ar leathchois, a leathshúil dúnta, agus briocht draíochta ar a bhéal aige. Agus ar deireadh, chonaic sé Clanna Míle, na Gaeil.

Le teacht na nGael rinneadh fear d'Fhionntan mac Bóchna arís agus d'inis sé a scéal féin agus scéal na gcéad áitritheoirí in Éirinn dúinn, mar atá in *Leabhar Gabhála* Éireann, agus scéal a shinsear siar go hÁdhamh is Éabha. Agus is ansin atá na cuimhní is faide siar atá agam, sna leabhair a scríobhadh romhainn.

I scéal eile ar Ghabháil na hÉireann, *Cath Déanach Mhaigh Tuireadh*, déantar cur síos ar Lugh Lámhfhada ag teacht go Teamhair chun a chúnamh a thairiscint do Thuatha Dé Danann. Ach ní ligfeadh an doirseoir isteach é mura mbeadh ceird éigin aige a bheadh de dhíth ar an Ard-Rí. Thairg Lugh dó a chuid seir-

bhísí mar ghabha ar dtús, ansin mar ghaiscíoch, mar chruitire, mar fhile, mar staraí agus, ar deireadh, mar dhraoi, ach mar fhreagra ar gach uile thairiscint acu sin, is é a dúirt an doirseoir leis go raibh na fir cheirde sin ar fad ag an Ard-Rí i dTeamhair. Ansin d'fhiafraigh Lugh de an raibh fear aige a raibh na ceirdeanna sin ar fad aige, agus dúirt an doirseoir leis nach raibh, agus lig isteach é.

Comhaimseartha le scríbhneoir *Leabhar Gabhála* Éireann agus scríbhneoir *Chath Déanach Mhaigh Tuireadh* bhí scríbhneoirí eile ag breacadh síos scéalta, scéalta na Rúraíochta agus scéalta na Ríthe. Ar an saothar is mó acu seo tá *Táin Bó Cuailnge*. Agus is é an chuimhne is mó a fhanann againn de sin, na buanchairde Cú Chulainn agus Feardia ina gcomhrac aonair ag Áth Fhirdhia, ar 'chluichí an átha', agus mar a chaitheadh an bheirt gach oíche in éindí sula ngabhaidís chun troda an mhaidin dár gcionn.

D'imigh sin. Tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn chun na Gaeil a thabhairt chun na Críostaíochta. I nDroichead Átha dó, chonaic sé Caoilte mac Rónáin chuige agus naonúr óglach mór de chuid na Féinne agus, mar a dúirt sé féin: 'míle léigiún de dheamhnaibh os a gcionn'. Ruaig Pádraig na deamhain le huisce coisricthe agus d'iarr sé ar Chaoilte é a thabhairt chomh fada le tobar go mbaistfeadh sé muintir na háite ann. Thug Caoilte chomh fada le loch é agus d'inis sé ainm agus scéal an locha dó, agus d'imigh siad rompu ar an gcaoi sin ó áit go háit, Caoilte—agus scaití Oisín—ag aithris a gcuid cuimhní dó—logainmneacha na tíre agus scéalta na Féinne, nó dinnseanchas na hÉireann—agus Pádraig á gcur á scríobh ag a scríobhaí, Breogán: 'Scríobh sin a Bhreogáin, scríbhinn'. Gníomh cuimhne atá sa saothar seo, agus é mar choinbhinsiún ann go dtabharfadh an seanchaí eolas na tíre don scríobhaí. Téama láidir san Fhiannaíocht atá sa gcuimhne. Sa scéal *Feis Tigh Chonáin* cuimhníonn Fionn ar fhuaimeanna na Féinne:

> Is binne liom fós, ar sé, an t-am a eagraítear teach mór na hAlmhaine is go dtógtar na coirn chomhóla le dáileadh ar mhaithe na féinne. Is binn liom an bloscadh a dhéanann deireadh na gcorn *á* leagan ar na boird an uair sin. Is binn liom foghar na bhfaoileán, coigeadal na gcorr, guth na gcuach sa Bhealtaine, sceamhaíl na muc ar Mhaigh Eithne, nuallán seilge Dhoire Nóis, scolgháire loin Leitreach Néid, monabhar na nglas-sreabh, amhrán triúr iníonacha Bhig mhic Bhuain agus amhrán triúr mac Eathach. Is binne liom fós tonn faoi thír amach is isteach.

Agus níl oíche sa mbaile dom, nuair a chloisim madra ag tafann ar an gcriathrach, nach mbreathnaím uaim ó thuaidh ar Chlochar na gCon agus nach gcuimhním ar an laoi fiannaíochta:

> Do chuala guth gadhair deirg
> Ar an leirg láimh leis an sruth
> Do mhearaigh cuimhne mo chinn
> Faí an ghadhair is binn guth.